

Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Rólchártaí



Mandy

Tá cónaí ort féin agus do chlann in Éirinn le sé mhí anuas. Tá tú féin agus do dheirfiúr ag freastal ar an meánscoil. Tá dhá phost pháirtaimeartha ag do mham agus tá do dhaid ag obair go lánaimseartha.

Bíonn dóthain airgid agaibh den chuid is mó, ach bíonn sé deacair saol nua a chruthú as baile i dtír nua, mar is minic go dtagann billí agus costais éagsúla chun cinn nach mbeifeá ag súil leo.



Adija

Is cuntasóir thú atá 27 bliain d'aois atá ag obair i mBaile Átha Cliath. Tá cónaí ort in árasán le beirt chairde ach tá sé i gceist agat teach a cheannach as seo go ceann cúig bliana. Tá tú ag coigilt timpeall €800 in aghaidh na míosa faoi láthair mar éarlais don teach.

Idir an méid atá á shábháil agat, an cíos agus billí eile, is beag atá fágtha agat ag deireadh na míosa.



Dara

Tá cónaí ort le do chéile agus do pháiste sa chathair. Is tiománaí tacsáí tusa agus tá do chéile as obair faoi láthair. Faigheann an teaghlach ioncam breise ó iocaíochtaí leasa shóisialaigh agus sochar linbh. Gan iad, bheadh sé deacair maireachtáil.

Tá tú ag iarraidh carr nua a fháil don obair, ach níl tú cinnte cad as a dtiocfaidh an t-airgead.



Esme

Tá tú 20 bliain d'aois agus ag obair go lánaimseartha i monarchan. Tá cónaí ort sa bhaile le do thuismitheoirí. Tuilleann tú neart airgid agus is leor €100 in aghaidh na míosa don chíos agus na billí. Téann tú amach beagnach gach deireadh seachtaine agus is breá leat dul ar laethanta saoire. Bhí tú thar lear trí huairé i mbliana cheana féin agus beidh tú ag dul arís i gceann cúpla seachtain. Anois agus arís bíonn ort leas a bhaint as do chárta creidmheasa mar ritheann tú amach as airgead sula bhfaigheann to do phá.



Diego

Tá tú féin agus do bhean chéile ar scor agus is breá libh beirt am a chaitheamh ag siúl, ag garraíodóireacht agus ag léamh. Tá pinsín ag an mbeirt agaibh agus tá níos lú ná dhá bhliain fágtha agaibh ar an morgáiste. Ní maith libh dul thar fóir le caiteachas, mar tuigeann sibh nach fios riamh céard a tharlóidh amach anseo. Tugann sibh cuairt ar an ionad garraíodóireachta áitiúil go rialta, ach ní cheannaíonn sibh aon rud mura mbíonn margadh maith ar fáil.



Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Rólchártaí

Mandy	Ioncam:	Caiteachas:
Adjia	Ioncam:	Caiteachas:
Dara	Ioncam:	Caiteachas:
Esme	Ioncam:	Caiteachas:
Diego	Ioncam:	Caiteachas:



Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Rólchártaí



Sandra

Is tuismitheoir aonair thú le hiníon atá 12 bhliain d'aois atá ag tosú sa mheánscoil mí Mheán Fómhair seo chugainn. Tá tú ag obair mar bhanaltra agus tá airgead á chur i dtaisce agat don todhchaí.


Oibríonn tú uaireanta fada gach lá ag taisteal chun na hoibre agus tá carr nua de dhíth uait. Ba mhaith leat d'úinion a thógáil ar laethanta saoire go dtí Sasana nuair a bheidh an scoil críochnaithe sa samhradh.



Felicia

Tá cónaí ort le do pháirtí agus do bheirt pháistí óga i dteach atá ar cíos. Tá tú ag obair sa bhanc áitiúil agus tá do pháirtí ag obair ón mbaile a laghdaíonn bhur gcostais feighlíocht leanaí.

Ach tá go leor billí eile le híoc freisin agus tá an cíos an-chostasach. Is maith libh dul amach nuair atá feighlí ar fáil. Creideann sibh go bhfuil sé tábhachtach ar a laghad 10% den ioncam eadraibh a chur i dtaisce le haghaidh rudai nach bhfuil sibh ag súil leo.



Alan

Tá tú 45 bliain d'aois agus ag obair mar chomhairleoir ospidéal. Tá do theach féin agat in éineacht le do pháirtí agus tá árasán ceannaithe agaibh sa Spáinn le déanaí mar infheistíocht nuair a théann sibh ar scor. Is breá libh dul chuig bialanna agus tá ticéid séasúir agaibh don chlub peile áitiúil. Cé go n-oibríonn tú go dian is maith leat airgead a chaitheamh ag taisteal ach tá tú sásta go bhfuil bunús láidir agat i gcás éigeandála.



Anne

Is mac léinn thú atá 19 mbliana d'aois. Tá tú ag déanamh staidéir ar an Eolaíocht i UCD agus ag cónaí in iostas mac léinn i mBaile Átha Cliath. Chun cuidiú leat cíos agus táilli ollscoile a íoc tá post páirtaimseartha agat i siopa áitiúil tráthnóna amháin sa tseachtain agus ag an deireadh seachtaine. Is maith leat dul amach le do chairde agus imríonn tú cispheil le foireann an choláiste.

Tá tú ag coigilt chun víosa a fháil don bhliain seo chugainn le dul ag taisteal/obair i Meiriceá. Tá tú ag aisíoc iasacht do mhac léinn sula dtéann tú.



Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Rólchártaí

Sandra	Ioncam:	Caiteachas:
Felicia	Ioncam:	Caiteachas:
Alan	Ioncam:	Caiteachas:
Anne	Ioncam:	Caiteachas:



Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Rólchártaí

Cártaí Folmha



Roinn 1



Riachtanais agus Mianta Rólchártaí

Cártaí Folmha

Ioncam:	Caiteachas:
Ioncam:	Caiteachas:
Ioncam:	Caiteachas:
Ioncam:	Caiteachas:

